Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0051(COD)**

**9264/1/24**
**REV 1**

**CODEC 1179**
**DRS 44**
**SUSTDEV 57**
**COMPET 474**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE i dtaca le dícheall cuí maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 23 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 50(1) agus (2)(g) agus Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 6 Meitheamh 2023[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Iúil 2022[3].

4. An 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

[1] 6533/22 + ADD 1–7.
[2] IO C 249, 14.7.2023, lch. 3.
[3] IO C 443, 22.11.2022, lch. 81.
[4] 9220/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 9/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Ostair agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.